


Gníomhaíocht Daltaí: Ag iniúchadh $|x-a| > b$

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, ‘Dearbhluch níos mó ná’, ar CD an Dalta.




1.

- a. Má tá $|x-2| > 5$, $x \in \mathbb{R}$, scríobh é sin i bhfoirm 2 éagothromóid.

- b. Réitigh na héagothromóidí.

- c. Léirigh ar an uimhirlíne an réiteach a shásaíonn $|x-2| > 5$. Úsáid pinn dhaite, agus mínigh céard dó a sheasann gach dath ar leith.




- d. Seiceáil do chuid torthaí leis an gcomhad idirghníomhach.

2.

- a. Má tá $|x+3| > 4$, $x \in \mathbb{R}$, scríobh an méid sin i bhfoirm 2 éagothromóid.

b. Réitigh na héagothromóidí.

c. Léirigh ar an uimhirlíne an réiteach a shásaíonn $|x+3|>4$. Úsáid pinn dhaite, agus mínigh céard dó a sheasann gach dath ar leith.




d. Seiceáil do chuid torthaí leis an gcomhad idirghníomhach.

3.

a. Má tá $|x - 1.5| > 0$, $x \in \mathbb{R}$, scríobh an méid sin i bhfoirm 2 éagothromóid.

b. Réitigh na héagothromóidí sin.

c. Léirigh ar an uimhirlíne an réiteach a shásaíonn $|x - 1.5| > 0$. Úsáid pinn ar dhathanna difriúla agus mínigh céard dó a sheasann gach dath ar leith.



d. Seiceáil do chuid torthaí leis an gcomhad idirghníomhach.